C/2025/3337

16.6.2025

Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.11943 — MULTIPLY / CVC / PAI / TENDAM)

Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(C/2025/3337)

1. An 3 Meitheamh 2025 fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe, fógra a tugadh de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Is leis na gnóthais seo a leanas a bhaineann an fógra sin:

— Multiply Group PJSC ('Multiply', Aontas na nÉimíríochtaí Arabacha), faoi rialú deiridh International Holding Company PJSC ('IHC', Aontas na nÉimíríochtaí Arabacha),

— CVC Capital Partners plc ('CVC', Geirsí) trí Llano Holdings S.à r.l. ('Llano', Lucsamburg),

— PAI Partners, S.A.S ('PAI', Lucsamburg),

— Tendam Brands, S.A.U. ('Tendam', an Spáinn).

Gheobhaidh, Multiply, CVC agus PAI rialú comhpháirteach, de réir bhrí Airteagail 3(1)(b) agus 3(4) den Rialachán um Chumaisc, ar Tendam ina iomláine.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Multiply: infheistíonn sé i ngnólachtaí claochlaitheacha ar fud an domhain.

— CVC: cuireann sé comhairle ar fáil do chistí agus d'ardáin infheistíochta ar fud an domhain agus bainistíonn sé iad freisin.

— PAI: bainistíonn sé roinnt cistí a infheistíonn in earnálacha na seirbhísí gnó, an bhia agus na dtomhaltóirí, na dtionscal ginearálta agus an chúraim sláinte.

— Tendam: tá sé gníomhach i ndearadh, foinsiú, margaíocht, díol agus dáileadh éadaí mórmhargaidh den scoth d'fhir agus do mhná trí shiopaí a oibrítear go díreach, díolacháin ar líne, agus saincheadúnais idirnáisiúnta.

3. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart faoinar tugadh fógra a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le cóireáil shimplithe le haghaidh comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle maidir le comhchruinnithe a rialú idir gnóthais ([2]), ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfaí an cás seo a chur faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

4. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúil a bheadh acu maidir leis an gcomhchruinniú atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta foilsithe an fhoilseacháin seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.11943 — MULTIPLY / CVC / PAI / TENDAM

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an 'Rialachán um Chumaisc').
([2]) IO C 160, 5.5.2023, lch. 1.

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála seo thíos:

Seoladh Ríomhphoist: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË